11. PRÓTACAL MAIDIR LEIS NA CRITÉIR UM CHÓINEASÚ

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO sonraí na gcritéar um chóineasú a leagan síos a threoróidh an tAontas agus na cinntí á nglacadh aige dá dtagraítear in Airteagal III-198 den Bhunreacht maidir le deireadh a chur le maoluithe na mBallstát go maolú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip:

Airteagal 1

Ciallóidh an critéar um chobhsaíocht praghsanna dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(a) den Bhunreacht go mbeidh ag an mBallstát i dtrácht feidhmiú praghsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1,5 pointe céatadáin os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht praghsanna. Déanfar an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghsanna do thomhaltóirí ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

Airteagal 2

Ciallóidh an critéar um an riocht buiséadach rialtais dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(b) den Bhunreacht nach mbeidh an Ballstát i dtrácht, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinnidh Eorpaigh ón gComhairle faoi Airteagal III-184(6) den Bhunreacht go bhfuil easnamh iomarcach ann.

Airteagal 3

Ciallóidh an critéar um rannpháirtíocht i sásra ráta malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(c) den Bhunreacht go bhfuil an Ballstát i dtrácht tar éis na gnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear i sásra ráta malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis ráta lárnach déthaobhach airgeadra a thíre a dhíluacháil in aghaidh an euro ar a thionscnamh féin ar feadh na tréimhse céanna.

Airteagal 4

Ciallóidh an critéar um chóineasú rátaí úis dá dtagraítear in Airteagal III-198(1)(d) den Bhunreacht go raibh ag an mBallstát i dtrácht, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, meánráta ainmniúil fadtéarmach úis nach dtéann níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht praghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urrús inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.

Airteagal 5

Soláthróidh an Coimisiún na sonraí staidrimh a úsáidfear chun an Prótacal seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 6

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, leis an mBanc Ceannais Eorpach agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais dá dtagraítear in Airteagal III-192 den Bhunreacht, na forálacha iomchuí chun sonraí na gcritéar um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal III-198 den Bhunreacht a leagan síos agus cuirfear na forálacha sin in ionad an Phrótacail seo.